**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile*

**2022/2081(DEC)**

1.3.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2021, Roinn III – an Coimisiún (2022/2081(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Saskia Bricmont

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

1. ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt Iniúchóirí (‘an Chúirt’) iniúchadh ar réimsí caiteachais a chuimsíonn beartais éagsúla a bhaineann leis an imirce agus bainistiú teorainneacha (ceannteideal 4) agus slándáil agus cosaint (ceannteideal 5);

2. ag tabhairt dá haire, maidir leis na réimsí caiteachais a ndearnadh iniúchadh orthu a bhaineann leis an imirce agus bainistiú teorainneacha agus beartais slándála agus chosanta, gur chinn an Chúirt scrúdú a dhéanamh ar shampla de 28 n-idirbheart, rud nach bhfuil ionadaíoch ar an gcaiteachas faoi cheannteidil 4 agus 5 den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI); ag tabhairt dá haire nach gcuireann an sampla roghnaithe d’idirbhearta a ndearnadh scrúdú orthu ar chumas na Cúirte meastachán a sholáthar ar an ráta earráide le haghaidh na gceannteideal sin de CAI; á chur in iúl gur oth léi an cinneadh sin atá déanta ag an gCúirt in ainneoin gur iarr Parlaimint na hEorpa uirthi roinnt uaireanta an leibhéal measta earráide a ríomh; ag cur sonrú i míniú na Cúirte nár ceapadh raon feidhme an iniúchta le bheith ionadaíoch do na ceannteidil sin; á iarraidh ar an gCúirt breithniú a dhéanamh ar raon feidhme a hiniúchta i ndáil leis sin a scrúdú agus cur leis tuilleadh;

3. á chur in iúl gur saoth léi go raibh earráidí inchainníochtaithe i naoi gcinn de na 28 n-idirbheart a scrúdaigh an Chúirt agus go raibh tionchar airgeadais ag na hearráidí sin ar na méideanna a cuireadh ar bhuiséad an Aontais; á thabhairt chun suntais go bhféadfadh drochthionchar tábhachtach a bheith ag cásanna den sórt sin ar chlú agus go bhféadfaidís an bonn a bhaint ar deireadh ó chomhlíonadh phrionsabail na bainistíochta fónta airgeadais a bhaineann le caiteachas an Aontais; ag tathant ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar an méid sin agus an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas faoin dul chun cinn a bheidh déanta; á chur in iúl gur saoth léi nach ndearna an Chúirt seiceálacha ach ar 25 idirbheart faoi fhreagracht na hArd-Stiúrthóireachta um Imirce agus Gnóthaí Baile (AS HOME) agus, dá bhrí sin, nach raibh sí in ann ráiteas dearbhaithe AS HOME a fhíorú i gcoinne thorthaí a cuid oibre iniúchóireachta féin; á iarraidh ar an gCúirt raon feidhme a hiniúchta i dtaca leis sin a scrúdú agus cur leis tuilleadh;

4. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, in ainneoin gur chuir na Ballstáit dlús le cur chun feidhme a gclár náisiúnta in 2021, nár eisíocadh méideanna suntasacha go fóill ón gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) agus ón gCiste Slándála Inmheánaí (ISF) araon; ag tabhairt dá haire gurb ionann ráta ionsúcháin carnach AMIF agus ISF faoi bhainistíocht chomhroinnte agus 72.54 %, suas ó 60.75 % faoi dheireadh 2020[1]; á iarraidh ar an gCoimisiún dlús a chur lena iarrachtaí chun cabhrú leis na Ballstáit a gcláir náisiúnta faoi seach a chur chun feidhme go héifeachtach;

[1] Foinse: Tuarascáil Bhliantúil 2021 ar Ghníomhaíochtaí an Choimisiúin, AS HOME https://commission.europa.eu/system/files/2022-06/annual-activity-report-2021-migration-and-home-affairs_ga_0.pdf

5. á chur in iúl gur oth léi go mór nach ndearnadh aon ní mar thoradh ar na héilimh a rinne sí roimhe seo go ndéanfaí línte AMIF a dheighilt de réir tosaíochta; á chur i bhfáth go bhféadfadh deighilt den sórt sin cur leis an trédhearcacht agus an chuntasacht sa chaiteachas buiséid agus, dá bhrí sin, á iarraidh an athuair go ndéanfaí é sin;

6. á chur in iúl gur geal léi, tar éis an lear mhóir daoine easáitithe a tháinig ón Úcráin go dtí an tAontas, de dheasca ionradh na Rúise ar an Úcráin an 24 Feabhra 2022, gur cuireadh síneadh le tréimhse cur chun feidhme Chistí 2014-2020 go dtí an 30 Meitheamh 2024 le Rialachán 2022/585 an 6 Aibreán 2022, rud a fhágann go bhfuil solúbthacht bhreise ag na Ballstáit an cistiú atá fágtha a úsáid;

7. ag tabhairt dá haire go bhfuil cistiú ón gCiste Slándála Inmheánaí – an ionstraim um theorainneacha agus víosaí (ISF-BV) tugtha chun críche; ag tabhairt dá haire go gcumasaítear leis an Ionstraim nua le haghaidh tacaíocht airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (BMVI) tacú le gníomhaíochtaí lena rannchuidítear le bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip ag na teorainneacha seachtracha atá láidir agus éifeachtach;

8. á chur in iúl gur geal léi an fhreagairt phras ar ghéarchéimeanna in 2021, ag tabhairt dá haire le sásamh gur thíolaic an Coimisiún, i gcomhthéacs na n-imeachtaí a spreag an Bhealarúis ag teorainn sheachtrach an Aontais, tograí go pras chun an Comhaontú um Eisiúint Víosaí a Éascú leis an mBealarúis a chur ar fionraí, agus gur mhol sé breis agus 240 milliún euro mar thacaíocht airgeadais don Laitvia, don Liotuáin agus don Pholainn, mar na Ballstáit is mó a ndearnadh difear dóibh le linn na géarchéime seo;

9. á chur in iúl gur oth léi nár dearbhaíodh ach 11 as 47 gclár a bheith ag rannchuidiú le comhionannas inscne faoi scóir 2 nó 1, nach raibh iontu ach 5 % de na gealltanais faoi dheireadh 2021; ag spreagadh an Choimisiúin tuilleadh acmhainní a leithdháileadh chun comhionannas inscne a chur chun cinn agus a chosaint;

10. ag tabhairt dá haire, de réir Thuarascáil Bhliantúil 2021 ón gCoimisiún ar Ghníomhaíochtaí, gurb é 1.12 % an meánráta earráide iarmharach ar fud AMIF agus ISF, ráta atá i bhfad faoi bhun na tairsí ábhartha 2 %; á chur in iúl gur geal léi gur laghdaíodh an ráta earráide iarmharach i ndeontais atá faoi bhainistiú díreach na hArd-Stiúrthóireachta um Cheartas agus Tomhaltóirí go 1.83 % (ó 2.69 % in 2020);

11. ag cur sonrú i méid suntasach na dtograí reachtacha maidir le ceartas agus gnóthaí baile a foilsíodh in 2021; á chur in iúl gur oth léi an easpa measúnaithe tionchair a rinneadh roimhe seo lena n-áirítear maidir le cearta bunúsacha i dtaca le go leor de na tograí sin; á mheabhrú don Choimisiún gur gá a áirithiú go mbeidh measúnú tionchair, lena n-áirítear maidir le cearta bunúsacha, ag gabháil le gach togra foilsithe maidir le ceartas agus gnóthaí baile; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur chuir eagraíochtaí na sochaí sibhialta gearán faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh faoi thionscadail lena mbaineann aistriú cumas faireachais chuig Tíortha na hAfraice, a mhaoinigh an Coimisiún trína chiste cabhrach um fhorbairt Ciste Iontaobhais Éigeandála an Aontais Eorpaigh don Afraic (EUTFA); á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di gur chinn an tOmbudsman Eorpach go bhfuil an cistiú sin curtha ar fáil gan measúnú tionchair soiléir ar chearta an duine; á chur in iúl gur oth léi gur shainaithin an tOmbudsman Eorpach easnaimh sa mhéid is nach raibh an Coimisiún in ann a léiriú gur áirithíodh leis na

bearta atá i bhfeidhm cur chuige comhleanúnach agus struchtúrtha chun aghaidh a thabhairt ar thionchair thionscadail EUTFA ar chearta an duine; ag meabhrú chonclúidí an Ombudsman, ina bhfuarthas gur oth léi nach raibh tionscadail EUTFA atá i gceist faoi réir measúnú tionchair soiléir ar chearta an duine, a cuireadh i láthair mar dhoiciméad ar leithligh nó mar roinn ar leith sna doiciméid ghníomhaíochta; ag cur sonrú, agus é ina ábhar imní di, sna rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do chearta bunúsacha agus do shaoirsí sibhialta a eascraíonn as teicneolaíochtaí faireachais arna gcistiú ag an Aontas a bheith á n-úsáid ag tríú tíortha; á iarraidh ar an gCoimisiún treoirlínte a ghlacadh maidir leis an meastóireacht ar thionscadail Chiste Iontaobhais AE, san Afraic agus in áiteanna eile araon; á chur i bhfáth gur cheart go n-éileofaí le treoirlínte den sórt sin measúnú a dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag tionscadail ar chearta an duine in éineacht le bearta maolaithe comhfhreagracha i ndoiciméad neamhspleách nó mar roinn ar leith de gach doiciméad;

12. ag tabhairt dá haire go raibh 75 % de na bearta faoi Straitéis Frithchalaoise an Choimisiúin 2019 curtha chun feidhme faoi mhí na Samhna 2021; á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint de chur chun feidhme iomlán na straitéise sin agus leanúint dá chomhar leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) a neartú chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint; á mheabhrú gur príomhghné é an cosc sa chomhrac i gcoinne na coireachta i gcoinne leasanna airgeadais an Aontais; á chur in iúl gur geal léi an dlúthchomhar idir an Chúirt agus OLAF agus OIPE chun buiséad an Aontais a chosaint; ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh an Chúirt in 2021 15 chás de chalaois amhrasta (sé chás in 2020), ar tuairiscíodh ceann acu go comhuaineach do OIPE freisin, mar aon le cás breise a shainaithin an Chúirt le linn na hoibre iniúchóireachta in 2021;

13. á chur in iúl gur geal léi gur glacadh Straitéis AE in 2021 chun dul i ngleic le Coireacht Eagraithe 2021-2025, ina leagtar amach uirlisí agus bearta chun cur isteach ar eagraíochtaí coiriúla thar theorainneacha, ar líne agus as líne araon; á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, na tograí reachtacha ón gCoimisiún ó 2021 i réimse an fhrithsciúrtha airgid agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta, an limistéar ina bhfuil ról bunúsach ag gníomhaireachtaí díláraithe, comhlachtaí agus institiúidí eile an Aontais i gcur chun feidhme reachtaíocht ábhartha an Aontais; ag tabhairt dá haire gur caitheadh EUR 65 mhilliún in 2021 chun an choireacht eagraithe a chomhrac;

# FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 1.3.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 50<br>–: 10<br>0: 3 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Magdalena Adamowicz, Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Katarina Barley, Pietro Bartolo, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Karolin Braunsberger-Reinhold, Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Patricia Chagnon, Caterina Chinnici, Clare Daly, Lena Düpont, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Maria Grapini, Sylvie Guillaume, Andrzej Halicki, Evin Incir, Sophia in 't Veld, Patryk Jaki, Marina Kaljurand, Assita Kanko, Fabienne Keller, Łukasz Kohut, Moritz Körner, Alice Kuhnke, Jeroen Lenaers, Juan Fernando López Aguilar, Erik Marquardt, Nuno Melo, Maite Pagazaurtundúa, Karlo Ressler, Diana Riba i Giner, Birgit Sippel, Sara Skyttedal, Vincenzo Sofo, Tineke Strik, Ramona Strugariu, Annalisa Tardino, Tomas Tobé, Yana Toom, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Jadwiga Wiśniewska, Javier Zarzalejos |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Susanna Ceccardi, Gwendoline Delbos-Corfield, Loucas Fourlas, Beata Kempa, Philippe Olivier, Dragoş Tudorache, Petar Vitanov, Tomáš Zdechovský |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Gheorghe Falcă, Jean-François Jalkh, Petra Kammerevert, Marisa Matias, Martina Michels, Ljudmila Novak, Mick Wallace, Bernhard Zimniok |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 50 | + |
|---|---|
| ECR | Patryk Jaki, Assita Kanko, Beata Kempa, Vincenzo Sofo, Jadwiga Wiśniewska |
| PPE | Magdalena Adamowicz, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Karolin Braunsberger-Reinhold, Lena Düpont, Gheorghe Falcă, Loucas Fourlas, Andrzej Halicki, Jeroen Lenaers, Nuno Melo, Ljudmila Novak, Karlo Ressler, Sara Skyttedal, Tomas Tobé, Javier Zarzalejos, Tomáš Zdechovský |
| Renew | Abir Al-Sahlani, Malik Azmani, Lucia Ďuriš Nicholsonová, Sophia in 't Veld, Fabienne Keller, Moritz Körner, Maite Pagazaurtundúa, Ramona Strugariu, Yana Toom, Dragoş Tudorache |
| S&D | Katarina Barley, Pietro Bartolo, Caterina Chinnici, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Marina Kaljurand, Petra Kammerevert, Łukasz Kohut, Juan Fernando López Aguilar, Birgit Sippel, Petar Vitanov |
| Verts/ALE | Patrick Breyer, Saskia Bricmont, Gwendoline Delbos-Corfield, Alice Kuhnke, Erik Marquardt, Diana Riba i Giner, Tineke Strik |

| 10 | - |
|---|---|
| ID | Patricia Chagnon, Jean-François Jalkh, Philippe Olivier, Bernhard Zimniok |
| NI | Milan Uhrík |
| S&D | Maria Grapini |
| The Left | Clare Daly, Marisa Matias, Martina Michels, Mick Wallace |

| 3 | 0 |
|---|---|
| ID | Susanna Ceccardi, Annalisa Tardino, Tom Vandendriessche |

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh